






		A1 Bunúsáideoir	A2 Bunúsáideoir	B1 Úsáideoir neamhspleách	B2 Úsáideoir neamhspleách	C1 Úsáideoir oilte	C2 Úsáideoir oilte
Tuiscint	 Éisteacht	Is féidir liom focail aithnidiúla agus bunfrásaí a thuiscint mar gheall orm féin, mo theaghlach agus mo neasthimpeallacht nuair a labhraíonn daoine go mall agus go soiléir.	Tuigim frásaí agus an foclóir ardmhíniúcháin maidir le réimsí pearsanta coitianta (m.sh. eolas an-bhunúsach pearsanta agus faoin teaghlach, siopadóireacht, an ceantar áitiúil, fostaíocht) Is féidir liom na príomhphointí a thuiscint i dteachtaireachtaí agus i bhfógraí gearra soiléire simplí.	Tuigim na príomhphointí i gcaint chaighdeánach shoiléir maidir le ceisteanna aithnidiúla a ndéantar tagairt dóibh san obair, ar scoil, i gcaitheamh aimsire, srl. Tuigim na príomhphointí ar mórán clár raidió agus teilifíse i dtaobh cúrsaí reatha nó i dtaobh topaicí a bhfuil spéis phearsanta nó ghairmiúil agam iontu nuair a dhéantar na pointí go measartha mall agus go soiléir.	Tuigim caint agus léachtaí fada agus is féidir liom línte argóna casta a leanúint ach cur amach a bheith agam ar an topaic. Tuigim formhór na nuachta teilifíse agus na gclár cúrsaí reatha. Tuigim formhór na scannán atá sa chanúint chaighdeánach.	Tuigim caint fhada fiú nuair nach bhfuil struchtúr soiléir air agus nuair a bhíonn gaolmhaireachtaí intuigthe seachas curtha in iúl go follasach. Tuigim clár teilifíse agus scannáin gan mórán dua.	Níl aon deacracht agam aon chineál teanga labhartha a thuiscint, bíodh sé beo nó craolta, fiú nuair a sheachadtar é ag luas tapa anchainteora dúchaisaigh, ar chion d roinnt ama a bheith g agam chun dulú dtaithí ar an mblas.
	 Léitheoireacht	Tuigim ainmneacha, focail agus abairtí simplí aithnidiúla, mar shampla ar fhógraí agus ar phóstaire nó i gcatalóga.	Léim téacsanna simplí an-ghearra. Féadaim eolas sonrach, intuatha a fháil in ábhar simplí laethúil amhail fógraí, réamheolairí, biachláir agus amchláir agus tuigim litreacha pearsanta gearra simplí.	Tuigim téacsanna ina bhfuil focail ardmhíniúcháin laethúla nó bainteach le hobair. Tuigim cur síos ar imeachtaí, mothúcháin agus mianta i litreacha pearsanta.	Léim ailt agus tuarascálacha maidir le fadhbanna na linne seo ina nglacanna na scríbhneoirí dearcthaí nó seasamh ar leith. Tuigim prós liteartha na linne seo.	Tuigim téacsanna fada casta fíriciúla agus liteartha, le tuiscint do dhifríochtaí stíle. Tuigim ailt speisialaithe agus treoracha fada teicniúla, fiú nuair nach mbaineann siad le mo réimse spéise.	Léim go héasca gach cineál scríbhneoireachta, lena n-áirítear téacsanna teibí atá casta ó thaobh struchtúir nó teangeolaíochta amhail lámhleabhair, ailt speisialaithe agus saothair liteartha.
Labhairt	 Idirghníomhaíocht labhartha	Féadaim idirghníomhaíochtaí simplí a dhéanamh ach an duine eile a bheith sásta rudaí a athrú nó a shimpliú ag luas cainte níos moille agus cabhrú liom an rud atá i gceist agam a rá. Féadaim ceisteanna simplí a chur agus a fhreagairt maidir le rudaí atá ag teastáil láithreach nó maidir le hábhair a bhfuil eolas maith agam orthu.	Féadaim tascanna simplí agus tascanna laethúla a dhéanamh má tá malartú eolais simplí díreach de dhíth ar ábhair agus ar ghníomhaíochtaí aithnidiúla. Féadaim caidreamh sóisialta an-ghearr a láimhseáil, cé nach dtuigim mo dhóthain de ghnáth chun an comhrá a choinneáil ag imeacht mé féin.	Is féidir liom déileáil le formhór na staidéanna a thiteadh amach agus mé ag taisteal i gceantar ina labhraítear an teanga. Is féidir liom a bheith páirteach gan aon ullmhúcháin i gcomhrá maidir le topaicí aithnidiúla, ar spéis liom iad nó a bhaineann leis an saol laethúil (m.sh. cúrsaí teaghlacha, caitheamh aimsire, cúrsaí oibre, cúrsaí taistil agus cúrsaí reatha).	Is féidir liom bheith ag caidreamh le daoine le méid áirithe líofachta agus toiliúlachta a chuireann ar mo chumas bheith ag caidreamh go rialta le cainteoirí dúchais. Is féidir liom páirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhrá i gcomhthéacsanna aithnidiúla, agus mo thuairimí a leagan amach agus a chosaint.	Féadaim mé féin a chur in iúl go líofa agus go toiliúil gan dua a chaitheamh ag lorg bealaí le rudaí a rá. Is féidir liom nathanna cainte a úsáid go seiftiúil agus go héifeachtach chun críocha sóisialta agus gairmiúla. Féadaim smaointe agus tuairimí a chur i bhfocail go beacht agus mo pháirt sa chomhrá a chur in oiriúint le cainteoirí eile.	Is féidir liom páirt a ghlacadh gan dua in aon chomhrá nó in aon phlé agus tá cur amach agam ar nathanna dúchasacha agus ar chaint choitianta. Is féidir liom mé féin a chur in iúl go líofa agus miondifríochtaí céille a chur in iúl go cruinn. Má bhíonn fadhb agam bíonn ar mo chumas gabháil siar ar an méid atá ráite again agus athstruchtúrú a dhéanamh air gan dua ionas nach dtugann daoine eile faoi deara é.
	 Ginchumas ó bhéa	Is féidir liom frásaí agus abairtí simplí a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar m'áit chónaithe agus ar na daoine atá ar aithne agam.	Is féidir liom sraith frásaí agus abairtí a úsáid chun cur síos a dhéanamh, i dtéarmaí simplí, ar mo mhianta, ar na rudaí a bhfuil súil agam leo agus ar m'uallmhianacha. Is féidir liom cúiseanna agus mínithe achomair a thabhairt ar mo thuairimí agus ar mo phleananna. Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mhothaigh mé faoi.	Is féidir liom frásaí a cheangal go simplí chun cur síos a dhéanamh ar thairbh agus ar imeachtaí, ar mo mhianta, ar na rudaí a bhfuil súil agam leo agus ar m'uallmhianacha. Is féidir liom cúiseanna agus mínithe achomair a thabhairt ar mo thuairimí agus ar mo phleananna. Is féidir liom scéal nó plota leabhair nó scannáin a insint agus cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a mhothaigh mé faoi.	Is féidir liom cur síos soiléir, mionsonraithe a dhéanamh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimse spéise. Is féidir liom tuairim a mhíniú maidir le ceist atá i mbéal an phobail agus buntáistí agus míbhuntáistí roghanna éagsúla a thabhairt.	Is féidir liom cur síos soiléir, mionsonraithe a dhéanamh ar ábhair chasta agus fothéamaí a chur san áireamh ann, pointí áirithe a fhorbairt agus clabhsúr oiriúnach a chur leis.	Is féidir liom cur síos nó argóint a chur i láthair go soiléir agus go réidh i stíl atá oiriúnach don chomhthéacs agus le struchtúr loighciúil éifeachtach a chabhair leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu.
Scríbhneoireacht	 Scríbhneoireacht	Is féidir liom cárta poist gearr simplí a scríobh, mar shampla, chun beannachtaí laethanta saoire a ghuí. Is féidir liom foirmeacha a chomhlánú le sonraí pearsanta, mar shampla m'ainm, mo náisiúntacht agus mo sheoladh a scríobh ar fhoirm chlárúcháin óstáin.	Is féidir liom nótaí agus teachtaireachtaí gearraí simplí a scríobh. Is féidir liom litir phearsanta an-simplí a scríobh, mar shampla chun buíochas a ghabháil le duine as rud éigin.	Is féidir liom téacs simplí ceangailte a scríobh ar thopaic atá aithnidiúil nó ar spéis liom iad go pearsanta. Is féidir liom litreacha pearsanta a scríobh ag déanamh cur síos ar thairbh agus ar rudaí a thug mé deara.	Is féidir liom téacs soiléir, mionsonraithe a scríobh ar raon leathan ábhar a bhaineann le mo réimsí spéise. Is féidir liom aiste nó tuarascáil a scríobh agus eolas nó cúiseanna a thabhairt chun tacú le nó cur i gcoinne tuairim ar leith. Is féidir liom litreacha a scríobh a aibhsíonn mar a chuaigh imeachtaí agus tairbh áirithe i bhfeidhm orm.	Is féidir liom mé féin a chur in iúl i dtéacs soiléir, deastruchtúrtha, agus tuairimí a chur in iúl agus roinnt mhaith cainte a dhéanamh orthu. Is féidir liom scríobh mar gheall ar ábhair chasta i litir, in aiste nó i dtuarascáil, agus béim a chur ar na pointí is tábhachtacha, i mo thuairim. Is féidir liom stíl a roghnú atá oiriúnach don léitheoir atá i gceist.	Is féidir liom téacs soiléir réidh a scríobh i stíl oiriúnach. Is féidir liom litreacha, tuarascálacha agus ailt chasta a scríobh a chuireann cás i láthair a bhfuil struchtúr loighciúil éifeachtach aige a chabhair leis an bpáirtí eile pointí tábhachtacha a thabhairt faoi deara agus cuimhneamh orthu. Is féidir liom achoimrí agus athbhreithnithe a scríobh maidir le saothair ghairmiúla agus saothair liteartha.